

[02\\_01.mp3](#)

**Bileog 2.1**

**Foinse:** RnaG

**Clár:** Barrscéalta

**Dáta:** 08 Deireadh Fómhair 2008

**Intreoir:** Manus Ó Ceallaigh, Ceantálaí as an Fhál Carrach, ag cur síos ar thuairisc ar an suíomh idirlín [www.daft.ie](http://www.daft.ie).

**Áine Ní Churráin**

Anois go díreach tá luach na dtithe sa chontae seo tite cúig faoin gcéad le mí anuas agus seo, mmm, an tuairisc is deireanaí (*deireanach* a deirtear) ón suíomh ar a dtugann siad [www.daft.ie](http://www.daft.ie). Tá na tithe cúig sheomra leapa níos saoire sa chontae seo ná atá i gcontae ar bith eile, tá mé ag déanamh, ar fud na tíre. Liom, tá Manus Ó Ceallaigh. Dia duit a Mhanuis.

**Manus Ó Ceallaigh**

Dia duit, a Áine.

**Áine Ní Churráin**

An bhfuil sé fíor gur seo an contae is...á...lú a bhfuil costais le tithe anois, a Mhanuis? Nó, an bhfuil contaetha ar bith eile ar fud na tíre atá ar comhchéim (*ar chomhchéim* a deirtear) linn?

**Manus Ó Ceallaigh**

Muid féin agus contae Liatroma ansin. Tá an bheirt againn ar an rud amháin. *But*, tá sé sin ann le blianta anuas anois. Tá, bhí Dún na nGall, bhí sé i dtólamh giota maith níos saoire ná bhí contae ar bith eile, creidim. Thart ar an chósta ansin b'fhéidir go mbeadh tithe rud beag níos daoire ná mar a bheadh istigh i lár an chontae. Ach, bhí sna bailte ansin, bhí...bhí...agus tá le tamall.

**Áine Ní Churráin**

Is ea. Cad é an sórt luacha a bheadh ar ghnáth-theach anois, abair, sa chontae seo?

**Manus Ó Ceallaigh**

Bhuel, bhí siad ag caint ar...á...seomra...á...teach le seomra, cúig sheomra leapa ann. Anois, tá ceann amháin agamsa ansin, nó, tógálaí atá ann agus tá muid ag caint ar €280,000.

**Áine Ní Churráin**

€280,000 – sin sa taobh seo tíre, an ea, a Mhanuis?

**Manus Ó Ceallaigh**

Is ea, ar na Croisbhealaí.

**Áine Ní Churráin**

Is ea agus, tá cúig sheomra leapa ann?

**Manus Ó Ceallaigh**

Cúig sheomra leapa, sin, sin teach atá réidh le siúl isteach ann.

**Áine Ní Churráin**

Is ea, tá sé sin saor go maith, an bhfuil a fhios agat, i gcomparáid le háiteanna eile. Tá mé ag amharc anseo, fan go bhfeicfidh mé, an áit a bhfuil b'fhéidir leithéidí Baile Átha Cliath. Bhuel, tá áiteanna difriúla i mBaile Átha Cliath. Tá €62,000 ar thuaisceart na cathrach, agus tá siad iontach, iontach daor. Tá €1,226,000 ar cheann i dtuaisceart na cathrach fosta, *so*, tá difríochtaí móra.



© OÉ Má Nuad

[02\\_04.mp3](#)

**Bileog 2.4**

**Foinse:** RnaG

**Clár:** Barrscéalta

**Dáta:** 10 Meán Fómhair 2008

**Intreoir:** Máirtín Ó Faoláin ag caint faoin scéala atá timpeall go bhfuil sé i gceist ag Michael Jackson smut d'oileán Inis Caoil amach ón Fhearthainn i nDún na nGall a cheannach.

**Áine Ní Churráin**

An scéal mór atá san *Irish Mirror* ar maidin inniu ná go bhfuil spéis ag an amhránaí mór le rá Michael Jackson sa suíomh ar an, ar oileán Inis Caoil atá amach ó chósta An Fhearthainn anseo sa chontae a cheannach agus tús a chur le feirm orgánach a thoiseacht ann. Tá meas mór, ráite, aige ar Éirinn. Is maith leis an áit go mór agus tá suim aige i gcúrsaí feirmeoireachta, mar go raibh an fheirm a bhí aige in Neverland in California, gur lig sé amach ar léas í (*é a deirtear*) le roinnt feirmeoirí sa cheantar sin roimhe seo, agus pléifimid inniu úinéireacht chuid den oileán seo agus an suíomh áirithe seo ar an chlár le Máirtín Ó Faoláin. Agus ag an am sin mheas muid nó shíl muid go raibh *Dúchas* leis na 57 acra a cheannach agus a chaomhnú. Anois, tá Máirtín Ó Faoláin liom ar líne theileafóin (*teileafóin a deirtear*) ón Fhearthainn. Dia duit, a Mháirtín.

**Máirtín Ó Faoláin**

Dia is Muire duit ar maidin, a Áine.

**Áine Ní Churráin**

Anois, a Mháirtín, an bhfuil mórán cainte faoin phobal, faoin scéal seo, go bhfuil Michael Jackson agus a theaghlach le theacht agus cónaí agus tús a chur le feirm orgánach ar an oileán?

**Máirtín Ó Faoláin**

Bhuel, níl muid ag caint faoi go háitiúil anseo mar bhí mise thart ar an cheantar uilig le trí lá anuas agus fiú amháin ar maidin inniu bhí mé ag oifig an phoist agus chuaigh mé isteach chuig na comharsana is giorra dom sula dtáinig mé ar an chlár agat agus sin an chéad rud a chuala siad faoin ábhar seo nuair a luaigh mise leo é. Agus á...nuair a fuair an bhean áitiúil, ar léi an talamh, bás anuraidh, rinne na gaolta nach bhfuil ina gcónaí sa cheantar seo cinneadh an talamh a dhíol. Agus thuig muidne go háitiúil, ag an am go raibh *Dúchas* leis an áit a cheannach agus go raibh sé ansin a chóir a bheith curtha i gcríoch. Agus bhí pobal na háite iontach ríméadach faoi sin, ach is léir nár tharla sé. Ach ó na tuairiscí seo anois atá sa pháipéar, tá rud inteacht eile ag tarlú. Bhuel, tá sé ar díol anois arís. Ach...mmm...theastódh a leithéid de Michael Jackson a theacht go dtí an áit tar éis an samhradh turasóireachta a bhí againn. Agus, ach, níl aon chaint air go háitiúil a Áine, níl.

**Áine Ní Churráin**

Anois, rinne duine áitiúil, de réir an ailt seo, a Mháirtín, tairiscint de €350,000 don suíomh. An raibh eolas agaibh faoi sin – go raibh tairiscint áitiúil don suíomh seo?

### **Máirtín Ó Faoláin**

Cha raibh, cha raibh. Is píosa breá talaimh atá ann, gan dabht. Ach talamh do chaoirigh agus do bheithígh...mmm...téann siad amach ansin ag tús, abair, aimsir an fhómhair, agus béarfar ansin isteach iad aimsir. . .á. . . tús an tsamhraidh lena ndíol (*lena dhíol* a deirtear) nó le cur ar an mhargadh, agus á, ach ní raibh duine ar bith ina gcónaí ar an dtaobh seo den oileán mar níl foscadh ar bith ann. An áit a raibh na daoine ina gcónaí ar oileán Inis Caoil, bhí sé ar an taobh is giorra den tír mhór. Agus em, agus an teaghlach deireanach a bhí ansin - clann Bairéad - d'fhág siad in 1890 agus tháinig siad isteach agus tá siad scaipthe thart ar cheantar na Fearthainne agus Port Nua anois. Agus, rinneadh suas an seanteach a bhí acu sin agus is teach oidhreachta atá anois ann. Is féidir siúl isteach ar an oileán nuair atá trá mhór ann. Ach, ar thaobh na coda (*an chuid* a deirtear) seo den oileán a bhí ar díol, nó tairiscint a bheith faighte, nó ainm Michael Jackson a bheith luaite, níl rud ar bith cloiste againne go háitiúil faoin ábhar.



© É Má Nua